



CHUIG BOIRD BAINISTÍOCHTA AGUS PRÍOMHOIDÍ  
BUNSCOILEANNA

**An chaoi a bhféadann scoileanna taifid rollacháin agus tinrimh daltaí (Clárleabhar, Leabhar Rolla agus Leabhar Tinrimh Laethúil) a choinneáil a shimpliú tar éis thabhairt isteach an Bhunachair Sonraí Bunscolaíochta Ar Líne (BSB)**

**1. Cuspóir an chiorcláin seo**

Is é is cuspóir leis an gciorclán seo, a chur in iúl do Bhoird Bainistíochta agus do Phríomhoidí, tar éis thabhairt isteach an Bhunachair Sonraí Bunscolaíochta Ar Líne (BSB), go bhfuil an chaoi a bhféadann scoileanna taifid rollacháin agus tinrimh daltaí (Clárleabhar, Leabhar Rolla agus Leabhar Tinrimh Laethúil) a choinneáil á nuashonrú agus á simpliú.

Tá an ciorclán struchtúrtha mar seo a leanas:

1. Cuspóir an chiorcláin seo
2. Achoimre ar na heochair-athruithe
3. Meabhrúchán maidir leis an dualgas taifid chruinne rollacháin agus tinrimh a choinneáil
4. Dearbhú go dtiocfaidh an BSB isteach in áit an Chlárleabhair
5. Coinneáil an Leabhair Rolla i bhformáid leictreonach
6. Coinneáil an Leabhair Tinrimh Laethúil i bhformáid leictreonach
7. Cúrsaí soláthair agus conartha i dtaca le córas nó pacáiste leictreonach
8. Ceistanna i dtaca leis an gciorclán seo
9. Aguisín 1 – Ceanglais i dtaca le formáid leictreonach a úsáid
10. Aguisín 2 – BSB a nuashonrú nuair a fhágann dalta scoil nó nuair a aistríonn dalta chuig scoil eile

## 2. Achoimre ar na heochair-athruithe

Is ceadmhach do bhunscoileanna atá tar éis a gcuid sonraíocht rollachán daltaí ar fad a uaslódáil chuig an BSB i gcomhréir leis na riachtanais atá leagtha amach ag Rannóg Staitisticí na Roinne ([cliceáil anseo le haghaidh an naisc](#)) an méid seo a leanas a dhéanamh, le héifeacht ó thús scoilbhliain 2015/16:

- (i) Ní gá dóibh feasta an Clárleabhar a choinneáil. Tá an fhaisnéis cheannann chéanna sa BSB agus ní gá do scoileanna taifead dúblach a choinneáil sa Chlárleabhar.
- (ii) Más amhlaidh go bhfuil córas leictreonach in úsáid acu le tinreamh daltaí a choinneáil, ní gá do scoileanna feasta cruachóip den Leabhar Rolla a choinneáil chomh maith, fad is go gcomhlíonann an córas leictreonach íoscheanglais áirithe mar atá leagtha amach in **Aguisín 1** den chiorclán seo.
- (iii) Más amhlaidh go n-úsáideann siad córas leictreonach le tinreamh daltaí a choinneáil, is ceadmhach dóibh an córas sin a úsáid de rogha ar leagan excel na Roinne den Leabhar Tinrimh Laethúil atá ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne, fad is go gcomhlíonann an córas leictreonach íoscheanglais áirithe mar atá leagtha amach in **Aguisín 1** den chiorclán seo.

Ba cheart do scoileanna, chomh maith, aird a bheith acu ar an gceanglas an BSB a nuashonrú i gcomhréir leis na ceithre chéim atá leagtha amach in **Aguisín 2** nuair a fhágann dalta scoil, ar chúis ar bith, lena n-áirítear aistriú chuig scoil eile.

Tá faisnéis níos mionsonraithe maidir leis na hathruithe seo leagtha amach sa chuid eile den Chiorclán seo. Tá na hathruithe seo i bhfeidhm ó thús scoilbhliain 2015/16 agus tá siad istigh in áit na gcodanna ábhartha de na Ciorcláin, na Rialacháin agus an treoir a eisíodh roimhe seo maidir leis na cúrsaí seo.

## 3. Meabhrúchán maidir leis an dualgas taifid chruinne rollacháin agus tinrimh a choinneáil

Cuirtear i gcuimhne do scoileanna gurb amhlaidh, pé acu a úsáideann siad córais leictreonacha nó córais lámhscríofa ag leibhéal scoile, go bhfuil dualgas orthu taifid

chruinne de rollachán agus tinreamh daltaí a choinneáil. Ní mór na taifid seo (lena n-áirítear aon tuairiscí ó chórais leictreonacha) a chur ar fáil don Roinn (m.sh. nuair a bheadh Cigire de chuid na Roinne ar cuairt sa scoil) nó d'Oifigeach Leasa Oideachais, má iarrtar iad.

Bhí cuntas i gCiorclán 0028/2013 de chuid na Roinne ar na socrúithe simplithe le taifid rollacháin agus tinrimh daltaí a choinneáil sa Chlárleabhar, Leabhar Rolla agus Leabhar Tinrimh Laethúil. Le tabhairt isteach an BSB, tá nuashonrú agus simpliú breise á dhéanamh anois ar na socrúithe seo do na scoileanna sin a bhfuil a gcuid sonraíocht rollachán daltaí uile curtha suas ar an BSB acu i gcomhréir leis na ceanglais atá leagtha amach ag Rannóg Staitisticí na Roinne.

Cuirtear i gcuimhne d'údaráis scoile:

- (i) nach ceadmhach ach amháin na daltaí sin atá rollaithe sa scoil ar an 30 Meán Fómhair agus a bhfuiltear ag dúil leis, ag an tráth sin, go leanfaidh siad de bheith ag freastal ar an scoil an chuid eile den scoilbhliain, a chur san áireamh ar an tuairisceán rollaithe atá le cur ar ais ag an scoil chuig an Roinn ar an 30 Meán Fómhair. Dearbhaíodh i gCiorclán 0025/2015, ó scoilbhliain 2016/17 i leith, go gcuirfear an tuairisceán seo isteach tríd an BSB agus gurb é seo an bonn ar a ndéanfar íocaíochtaí deontais agus leithroinnt múinteoirí do gach scoil.
- (ii) Is é polasaí na Roinne i gcásanna ina ndéanfaí, d'aon turas, áibhéil ar an rollachán, an cás a chur faoi bhráid an Gharda Síochána.

#### **4. Dearbhú go dtiocfaidh an BSB isteach in áit an Chlárleabhair**

Tá dualgas ar bhunscoileanna, i láthair na huaire, taifead de rollachán a gcuid daltaí cláraithe a choinneáil i bhformáid chrua i leabhar a dtugtar an Clárleabhar air. Coinneofar an fhaisnéis chéanna anois i bhformáid leictreonach sa Bhunachar Sonraí Bunscolaíochta ar Líne (BSB).

Tá an Roinn ag dearbhú anois nach gá d'aon bhunscoil a bhfuil a gcuid sonraíocht rollachán daltaí uile curtha suas ar an BSB acu i gcomhréir leis na riachtanais atá leagtha

amach ag Rannóg Staitisticí na Roinne an Clárleabhar a choinneáil níos mó. Tiocfaidh an BSB isteach in áit an Chlárleabhair. Beidh an t-athrú seo in éifeacht ó thús scoilbhliain 2015/16. Más mian leis an scoil, is ceadmhach di leanúint de choinneáil an Chlárleabhair i bhformáid cruachóipe ach ní ceanglas riachtanach é seo. Táthar ag dúil le go mbeidh scoileanna in ann cruachóip de shonraí rollacháin a gcuid daltaí cláraithe a phriontáil ó BSB chun críoch a gcuid taifead féin nó, ó am go ham, de réir mar a d'éileodh Seirbhís Leasa Oideachais TUSLA.

Tá TUSLA tar éis a dhearbhu don Roinn, i gcás bunscoileanna, go gcaithfidh siad le taifid rollachán daltaí scoile ar BSB mar “clárleabhar” chun críoch Alt 20 den Acht Oideachais (Leas), 2000.

Is bunachar leictreonach beo é an BSB de shonraí daltaí bunscoile mar a mbaileofar faisnéis aonair ar gach aon dalta, lena n-áirítear a UPSP (Uimhir Phearsanta Seirbhíse Poiblí), agus lena mbeifear in ann daltaí a rianú ar feadh an oideachais bunscolaíochta. Ní mór do scoileanna a chinntiú go gcoinnítear cruinn é agus suas le dáta le hathruithe ar bith i dtaca leis na daltaí atá ag freastal ar an scoil a léiriú.

Comhlíonfar an ceanglas faoi Alt 20, gur gá dalta a bhaint de chlár na scoile i gcásanna nuair a chuirtear in iúl don scoil (a) go bhfuil an dalta cláraithe i scoil eile nó (b) go bhfuil an dalta cláraithe le TUSLA mar dhalta a fhaigheann oideachas in áit eile seachas ar scoil nó a fhaigheann oideachas leis/léi féin ar chúis ar bith eile, trí stádas an dalta a nuashonrú ar an BSB. I dtaca leis seo, ní mór a shonrú go bhfanann taifead oideachais an dalta ar BSB ach go ndéanfar a stádas a nuashonrú lena léiriú go bhfuil an dalta cláraithe i scoil eile nó cláraithe le TUSLA de réir mar is iomchuí. Beidh an fheidhmiúlacht seo i dtaca le BSB a nuashonrú ar fáil ó thús scoilbhliain 2015/16.

Tá na ceithre chéim atá le leanúint le BSB a nuashonrú nuair a fhágann dalta scoil, lena n-áirítear aistrithe idirscoile, leagtha amach in **Aguisín 2**.

Tá eolas breise ar ghnáthaimh BSB ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne ag

[www.education.ie/ga/Foilseacháin/Staitisticí/Bunachar-Sonraí-Ar-Líne-do-Bhunscoileanna-POD/](http://www.education.ie/ga/Foilseacháin/Staitisticí/Bunachar-Sonraí-Ar-Líne-do-Bhunscoileanna-POD/)

Is féidir aon cheisteanna i dtaca le BSB a chur tríd an ríomhphost chuig

[pod@education.gov.ie](mailto:pod@education.gov.ie)

## 5. Coinneáil an Leabhair Rolla i bhformáid leictreonach

Is é is cuspóir leis an Leabhar Rolla tinreamh laethúil agus carnach daltaí aonair a thaifeadadh. Bhí cuntas i gCiorclán 0028/2013 ar shocruithe simplithe maidir le coinneáil an Leabhair Rolla.

Tá an rogha á tabhairt ag an Roinn do bhunscoileanna a bhfuil a gcuid sonraíocht rollachán daltaí ar fad curtha suas ar an BSB acu i gcomhréir leis na riachtanais atá leagtha amach ag Rannóg Staitisticí na Roinne, córas leictreonach a úsáid le tinreamh laethúil daltaí a thaifeadadh, rud a thiochfaidh isteach in áit an Leabhair Rolla chrua atá in úsáid faoi láthair, le héifeacht ó thús scoilbhliain 2015/16. Is féidir na taifid seo a choinneáil go leictreonach anois, fad is go gcomhlíonann an córas leictreonach íoscheanglais áirithe mar atá leagtha amach in **Aguisín 1**.

Ní mór do scoileanna a roghnaíonn córas leictreonach a úsáid le tinreamh laethúil a thaifeadadh an tsonraíocht a chuirtear isteach in BSB a úsáid agus an córas á réiteach acu. De réir mar a dhéantar athruithe ar BSB, ní mór don scoil a gcuid taifead leictreonach a nuashonrú. Ní mór sláine iomlán sonraí idir BSB agus taifid leictreonach scoile a chinntiú.

Is faoi Bhord Bainistíochta gach scoile atá sé a chinntiú cé acu a leanfaidh siad de chruachóip den Leabhar Rolla a choinneáil nó a choinneoidh siad taifead den tinreamh laethúil i bhformáid leictreonach. Pé acu córas a nglacfar leis, ba cheart é a úsáid go comhsheasmhach le gach rang sa scoil.

Lé héifeacht ó thús scoilbhliain 2015/16, mar sin de, beidh rogha ag scoileanna:

- (i) córas leictreonach a úsáid le taifeadadh a dhéanamh agus tuairiscí ar thinreamh laethúil daltaí a ghiniúint (fad is gcomhlíonann sé na híoscheanglais atá leagtha amach in Aguisín1) nó
- (ii) cruachóip den Leabhar Rolla a choinneáil, ar féidir iad a iarraidh ach iarratas a chur chuig [requestrollbooks@education.gov.ie](mailto:requestrollbooks@education.gov.ie)

Is é UPSP dalta an t-aitheantóir uathúil a úsáidtear agus sonraíocht rollachán an dalta á réiteach ar BSB.

Ansin, gineann BSB Uimhir Aitheantais Dalta uathúil do gach dalta. Ní mór do scoileanna an Uimhir Aitheantais Dalta seo atá ginte ag BSB (ní an UPSP iarbhír) a úsáid mar aitheantóir uathúil:

- a) nuair a úsáideann siad córas leictreonach le taifead tinreamh laethúil a choinneáil i bhformáid leictreonach
- b) nuair a choinníonn siad cruachóip den Leabhar Rolla. Mar gheall ar shriantacht spáis sa chruachóip den Leabhar Rolla, áfach, is leor na cúig dhigit dheireanacha den Uimhir Aitheantais Dalta atá ginte ag BSB a thaifeadadh i gColún A (nó i gcolún eile nach bhfuil in úsáid) den Leabhar Rolla.

Ní mór an t-athrú seo, mar atá, an Uimhir Aitheantais Dalta atá ginte ag BSB a úsáid mar aitheantóir uathúil sa Leabhar Rolla nó nuair a bhítear ag coinneáil taifid tinrimh laethúla i bhformáid leictreonach, a dhéanamh do gach dalta nua agus do na daltaí ar fad atá sa chóras cheana roimh dheireadh 2015. Tá sé seo tábhachtach nó cinntíonn sé seo go bhfuil nasc soiléir so-aitheanta idir taifead rollacháin an dalta ar BSB agus an taifead laethúil tinrimh s'aige/aici atá á choinneáil ag an scoil. Go dtí seo, rinneadh an nasc seo trí uimhir an Chlárleabhair a úsáid mar aitheantóir dalta sa Leabhar Rolla.

Ní mór do scoileanna a bhfuil córas leictreonach in úsáid acu a chinntiú go bhfuil foráil ann le go gcuirfead síos do dhalta go bhfuil a (h)ainm bainte den rolla ar an gcóras leictreonach ar an gcéad lá scoile eile tar éis 20 asláithreacht chomhleantach. Cuirtear i gcuimhne do scoileanna gur gá dóibh chomh maith, faoin Acht Leasa Oideachais 2000, Seirbhís Leasa Oideachais TUSLA a chur ar an eolas nuair a shroicheadh líon carnach na laethanta a chailleann dalta in aon scoilbhliain 20 lá.

Cuirtear i gcuimhne do scoileanna chomh maith gur ceart an rolla a ghlaoch ag an am céanna gach lá, go hiondúil, taobh istigh den gcéad uair an chloig i ndiaidh thús an lae scoile 5 uair 40 nóiméad.

## **6. Coinneáil an Leabhair Tinrimh Laethúil i bhformáid leictreonach**

Is é is cuspóir leis an Leabhar Tinrimh Laethúil faisnéis achomair a thaifeadadh maidir le tinreamh laethúil, míosúil agus bliantúil daltaí. Tugadh scoileanna dá n-aire nach gá taifead ar leithligh a bheith ann do bhuachaillí agus do chailíní.

Cuireadh in iúl do scoileanna le Ciorclán 0028/2013 nach mbeadh an Leabhar Tinrimh Laethúil ar fáil feasta i bhfoirm chruachóipe agus tugadh sonraí do scoileanna ar an gcaoi a bhféadfaidís teacht ar leagan leictreonach excel ó shuíomh gréasáin na Roinne. Tá dhá rogha anois ag scoileanna:

- (i) Féadann scoileanna a leanann d'úsáid an leagain cruachóipe den Leabhar Rolla an leathanach Excel atá ar fáil ar shuíomh gréasáin na Roinne a úsáid.
- (ii) Féadann scoileanna a roghnaíonn córas leictreonach a úsáid le tinreamh daltaí a thaifeadadh an córas sin a úsáid le tuairiscí a ghiniúint ar an bhfaisnéis a thaifeadtar go hiondúil sa Leabhar Tinrimh.

## **7. Cúrsaí soláthair agus conartha i dtaca le córas nó pacáiste leictreonach**

Is faoi gach scoil atá sé an próiseas soláthair i dtaca le córas nó pacáiste leictreonach a láimhseáil agus is faoi gach scoil atá sé gach costas tosaigh agus athfhillteach a bhaineann le haon chóras nó pacáiste leictreonach a cheannóidís a chlúdach.

Má chinneann Bord Bainistíochta na taifid seo a choinneáil i bhformáid leictreonach, is é an Bord atá freagrach as a chinntiú go gcomhlíonann aon chóras nó pacáiste leictreonach a úsáideann sé, nó a bhfuil sé beartaithe aige é a úsáid, íosleibhéal na gceanglas atá leagtha amach in **Aguisín 1** den Chiorclán seo.

Roimh conradh a dhéanamh (nó conradh atá ann cheana a athnuachan) lena chuid taifead a choinneáil i bhformáid leictreonach, ní mór don Bhord an méid seo a leanas a chinntiú:

- (a) Tá an próiseas soláthair ag teacht leis na riachtanais soláthar poiblí ábhartha;

- (b) Comhlíonann an córas nó an pacáiste leictreonach gach ceann de na híoscheanglais (lena n-áirítear iad sin bhaineann le rialúcháin iniúchóireachta iomchuí) atá leagtha amach in **Aguisín 1**;
- (c) Is leis an scoil i gcónaí úinéireacht na dtaifead tinreamh daltaí (lena n-áirítear gach taifead stairiúil) atá á n-óstáil agus/nó á stóráil i bhformáid leictreonach. Tá an scoil freagrach as a chinntiú go gcoinnítear a gcuid taifead ar dhóigh atá slán agus iomchuí;
- (d) Go gcomhlíonann gach taifead atá á choinneáil i bhformáid leictreonach ríochtánais na reachtaíochta cosaint sonraí.

Má tá córas nó pacáiste leictreonach in úsáid cheana ag scoil, ní mór di a chinntiú go gcomhlíonann sé na híoscheanglais atá leagtha amach in **Aguisín 1**.

Mura gcomhlíonann sé na ceanglais seo (agus más mian leis an scoil leanúint d'úsáid formáid leictreonach) ba cheart don scoil socrúithe a dhéanamh leis an soláthraí reatha le bearnaí ar bith a chur ina gceart nó soláthraí úr a roghnú ag an gcéad dáta athnuachana eile.

## **8. Ceisteanna i dtaca leis an gclár seo**

Ba cheart ceisteanna i dtaca leis an gclár seo a chur tríd an ríomhphost chuig an Roinn ag:

[schoolgovernance@education.gov.ie](mailto:schoolgovernance@education.gov.ie)

Is féidir ceisteanna maidir le cosaint sonraí, lena n-áirítear coinneáil sonraí, a réiteach trí chuairt a thabhairt ar [www.dataprotectionschools.ie](http://www.dataprotectionschools.ie).

I gcás ceisteanna maidir le cartlannú agus stóráil taifid oifigiúla nach bhfuil in úsáid níos mó, ba cheart teagmháil a dhéanamh leis an gCartlann Náisiúnta ag: [mail@nationalarchives.ie](mailto:mail@nationalarchives.ie).

Hubert Loftus  
Príomhoifigeach  
Rannóg Rialachas Scoile

Bealtaine 2015



## Aguisín 1

### Ceanglais i dtaca le formáid leictreonach a úsáid

1. Ní mór go gcomhlíonfadh an córas leictreonach na híoscheanglais a leanas:
  - (a) An fhaisnéis is gá a chur isteach faoi láthair sa chruachóip den Leabhar Rolla agus sa leathanach Tinreamh Laethúil Excel de chuid na Roinne (mar atá leagtha amach i gCiorclán 0028/2013 de chuid na Roinne) a thaifeadh go cruinn;
  - (b) Gach taifead a stóráil go slán agus a chinntiú go gcosnaítear sláine na dtaifead seo;
  - (c) Rialúcháin iniúchóireachta iomchuí a bheith ann lenar féidir rian iniúchta sobhreathnaithe agus inrochtana a ghiniúint. Mar chuid den rialúchán iniúchóireachta, ní mór go mbeadh sé in ann na nithe a leanas a ghiniúint ag leibhéal scoile:
    - (i) loga de gach iontráil sonraíochta (lena n-áirítear aon athrú iarteachtach ar shonraí a cuireadh isteach cheana nó scríosadh aon sonraí) le sonraí a sholáthar den úsáideoir córais iomchuí agus taifead d'am agus dáta gach iontráil sonraí agus i gcás aon athruithe nó scríosadh, an fáth le gach ceann acu;
    - (ii) rian iniúchta ar dhalta áirithe lena léirítear gach iontráil sonraíochta mar aon le hathruithe agus scríosadh sonraí a rinneadh i dtaca leis an dalta, lena n-áirítear sonraí gach úsáideoir córais bainteach agus taifead d'am agus dáta gach iontrála, athrú agus scríosadh a rinneadh;
    - (iii) ní mór dáta agus am na priontála agus ainm an úsáideora córais a phriontáil an taifead a chuimsiú go huathoibríoch i ngach taifead a phriontáiltear ón gcóras;
    - (iv) rialúcháin lena chinntiú gur ar bhonn 'riachtanais amháin' a bheidh rochtain ar an gcóras agus go mbíonn an rochtain sin bunaithe ar úsáid pasfhocail shlána.

- (d) A éascú don Bhord Bainistíochta maoirsiú a dhéanamh trí fhoráil a dhéanamh le go mbeidh rochtain inléite amháin ar fáil, arna hiarraidh, ag Cathaoirleach an Bhoird Bainistíochta;
- (e) Bheith in ann é a úsáid le taifid tinrimh stairiúla a ghiniúint agus saoráid a bheith in ann le faisnéis a dhéanamh slán agus faisnéis a thuairisciú maidir le dátaí sainithe agus maidir le daoine aonair;
- (f) Soláthar cúltaca iomchuí a bheith san áireamh le sonraí agus taifid a chosaint ar chliseadh cumhachta nó córais nó teagmhas eile agus,
- (g) Nuashonrú dlisteanach taifead a éascú lasmuigh de na gnáth-achair ama i gcás na dteagmhas céanna m.sh. mura mbeadh scoil in ann a cuid sonraíochta a nuashonrú ar lá áirithe mar gheall ar chliseadh cumhachta. Aithnítear go bhféadfadh sé nach mbeadh rochtain ar chóras leictreonach ar fáil i gcónaí (ar chúiseanna teicniúla nó ar chúiseanna eile) nuair is gá agus, ó am go chéile, gur ghá taifid sonraí (amhail an glaoch rolla) a ionchur chuig an gcóras tráth níos moille nuair a bheadh an rochtain ar ais. Ní mór, áfach, go mbeadh foráil sa chóras, sa chás go ndéanfaí sonraí a iontráil lasmuigh den ghnáth-achar ama (m.sh. tar éis ghnáth-thréimhse an ghlaigh rolla) le go mbeadh ar an úsáideoir córais bainteach an fáth leis an moill a chur isteach agus le go mbeadh gach iontráil mhall dá leithéid so-aitheanta agus indealaithe ó thaifid eile (m.sh. go mbeadh dath eile ar na taifid seo). I gcás ar bith ina ndéanfaí sonraí a iontráil lasmuigh den ghnáth-achar ama, tá de cheangal ar an scoil cóip den iontráil a phriontáil agus a choinneáil agus a chur ar fáil don Roinn arna hiarraidh.

## **Aguisín 2**

### **Na ceithre chéim atá le leanúint le BSB a nuashonrú nuair a fhágann dalta scoil, ar chúis ar bith, lena n-áirítear aistriú chuig scoil eile.**

Ní mór na ceithre chéim atá leagtha amach thíos le BSB a nuashonrú a leanúint nuair a fhágann dalta scoil, ar chúis ar bith, lena n-áirítear aistriú chuig scoil eile.

Tabhair do d'aire go ndéanfaidh an córas BSB dalta a rangú go huathoibríoch ina “f(h)ágálaí” scoile ag deireadh bhliain a ranga dheireanaigh sa scoil (m.sh. ag deireadh an 6ú rang).

Tá sé tábhachtach a shonrú go bhfanann taifead oideachasúil an dalta ar an BSB agus gurb é an t-aon athrú a tharlaíonn go ndéantar taifead oideachasúil an dalta a nuashonrú lena léiriú go bhfuil an dalta tar éis scoil a fhágáil nó go bhfuil sé/sí ag aistriú chuig scoil eile.

#### **Céim 1:**

Déanann an chéad scoil taifead rollacháin an dalta a nuashonrú ar BSB tríd an dalta a mharcáil ina “f(h)ágálaí” ar BSB, agus an fáth leis seo a thairfeadh as measc roghchlár na bhfáthanna atá ar fáil ar an gcóras BSB mar aon le dáta fágála iarbhír an dalta a thairfeadh. Más amhlaidh go bhfuil an dalta ag aistriú chuig scoil eile agus go bhfuil ainm na scoile úire ar eolas ag an gcéad scoil ag an tráth seo, ba cheart é seo a thairfeadh chomh maith ar BSB, rud a fhágfaidh go gcuirfear an scoil nua ar an eolas go huathoibríoch tríd an BSB maidir le haistriú an dalta nua a bheidh ag teacht chucu. Mura bhfuil ainm na scoile úire ar eolas acu ag an tráth seo, ní mór go fóill don chéad scoil Céim 1 a chomhlíonadh.

Tá sé iontach tábhachtach Céim 1 a chur i gcrích go tráthúil agus tráth nach moille ná 2 lá tar éis dháta fágála iarbhír an dalta ach amháin sa chás nach raibh a fhios ag an scoil nó nach bhféadfaí bheith ag súil leis go réasúnach go mbeadh a fhios acu go raibh an

dalta tar éis an scoil a fhágáil. I dtaca leis an bpointe seo, sa chás go mbeadh dalta as láthair ón scoil 20 lá i ndiaidh a chéile agus nach bhfuil fianaise ar bith ann a thabharfadh le tuiscint go mbeidh an dalta ag filleadh ar an scoil, ní mór aon dalta dá leithéid a thairfeadh ina “f(h)ágálaí” ar BSB agus ní mór é seo a dhéanamh laistigh de 2 lá tar éis an 20ú lá comhleantach den asláithreacht.

### **Céim 2:**

Tá dualgas ar an dara scoil faoi Alt 20(2) den Acht Leasa Oideachais 2000 an dalta a iontráil ar a gclár ar an gcéad lá a fhreastalaíonn an dalta ar an scoil. Is féidir leis an scoil é seo a dhéanamh trí thairfead oideachasúil an dalta a nuashonrú ar BSB. Má tá Céim 1 curtha i gcrích cheana ag an scoil, is próiseas gan uaim é an próiseas seo. Más amhlaidh nach bhfuil Céim 1 déanta ag an scoil go fóill, gheobhaidh an dara scoil rabhadh “PPSN conflict” ar an gcóras BSB agus eiseofar fógra go huathoibríoch don chéad scoil agus don dara scoil gur gá Céim 1 a chur i gcrích agus gheobhaidh an dá scoil ainm agus sonraí teagmhála na scoile eile. Nuair a bhíonn Céim 1 déanta, is féidir Céim 2 a chur i gcrích.

### **Céim 3:**

Nuair a bhíonn Céim 2 curtha i gcrích, tá dualgas ar an dara scoil faoi Alt 20(3) den Acht Leasa Oideachais 2000 fógra i scríbhinn a eisiúint don chéad scoil gur cláraíodh an dalta ina scoil.

### **Céim 4:**

Tar éis dóibh an litir seo a fháil, cuirfidh an chéad scoil síos i rannán na nótaí ar BSB go bhfuair siad an litir. Tríd an gcéim seo a chomhlánú, tá an chéad scoil ag comhlíonadh a ndualgais faoi Alt 20(4) den Acht Leasa Oideachais 2000 ainm an dalta a bhaint dá gclár.